

GRABAIRE BEAG FIONN MAC CUMHAIL.

Lá bhí Fionn ag siubhal amach casadh seanbhean dó. D'fíafraigh sí dhe an n-imreaoch sé cluiche cártaí. Níor thug mé mo chuid cártaí liom andiu as baile adeir Fionn. Níor fhága mise mo bhaile féin adeir an tseanbhean gan mo paca cártaí a bheith ar iomchar agam. Ní dhearna an tseanbhean ac cána a bhí bhí ina lámh ach stríoca a tarraingt ar an tráigh ceir agus rinne sí bórd. Tarraing sí strioca eile ag gach aon cheann dhe agus rinne sí péire cathaoireacha. Cuir sí lámh ina póca agus tharraing só aníos paca cártaí. Dubhairt sí le Fionn suidhe isteach no go n-imreocaidís cluiche.

Bhuaidh Fionn an chéad cluiche. Tabhair do bhreith aFhinn adeir an tseanbhean. Béidh mé luath go leór adeir Fionn nuair aimreochas muid cluiche eile. Bhuach an tseanbhean an darna cluiche ar Fhionn. Tabhair do bhreith a sheanbhean adeir Fionn. Cuirim-se de bhreith ort adeir sí gan stopadh ná comhnaidhe a dheanamh go dtuga tú chugam annseo cloigeann Rí na Beanbhogaidhe. Cuirim-se de bhreith ort adeir Fionn dhul ar stuaic an tseampaill sin thall punann tuighe a bheith ar bhinn de pota uisge a bheith l ndo ghluic agus gan de bhiadh ná de dheoch a bheith agat nó go dtagadh mise ar ais ach an méid a geobhfas tú as an bpunann tuighe agus as an bpota uisge trí chró na snáthaide moiré.

Tóg díom na geasa agus tógfaidh mé díot adeir an tseanbhean. Ní thógfadh adeir Fionn an bhreith a thugaim ní thóigaim í agus an bhreith a cuirtear orm fuilingim léith. Chuaidh an tseanbhean ar stuairc an teampaill agus chuaidh Fionn abhaile agus ar maidin lárna bháireach réidhtigh sé é féin le dul ar toraidheacht an fhirseo.

Ghabh sé go dtí an fhairrige ins an áit a raibh an soitheach aige agus sheol sé amach ins an bhfairrige agus nuair a bhí sé ina thrathnóna chonnaic sé soitheach eile tamall maith uaidh agus í ag déanamh air agus is gear an t-achar go raibh an dá shoitheach chomh gar dá chéile is gur bheannuigh sé féin agus an fera a bhí sa soitheach eile dá chéile agus ní raibh innte ach aon fhear amháin agus sár mar labhair sé le Fionn bhí aithne aige air.

Ar miste dhom fiafruigh díot cá bhfuil a dhul nó céard a chas an bealach seo thú adeir sé le Fionn. Ní miste tá mé faoi gheasa ag seanbhean gan stopadh ná comhnaidhe a dheanamh do dtigaidh mé chuide cloigeann Rí na Beanbhogaighe. Má dhéanann tú mo chomhairle adeir an fear eile le Fionn casfaidh tú abhaile agus ní ghabhfaidh tú níos fuide.

Níl aon ghor agat go bhfuil tú i ndon dul isteach ins an áit a bhfuil sé sin ina chomhnaidhe le méid a bhfuil de draoidheacht ann gan tracht ar bith go mbeadhthá i ndon an ceann a bhaint dhe. Níl aon fhear sa domhan. Níl aon fhear sa domhan i ndon an ceann a bhaint de sin mara mbaineadh mise dhe é agus níl aon lá ó tháinig mé in aois fir nach bhfuil mé i ndiaidh mo shásadh a bhaint de. Agus ina dhiaidh sin níl aon lá a sheolas mé amach mar seo

ar an bhfairrige nach bhfuil mé curtha faoi gheasa ag mo bhean a bheith sa mbaile aice arís tráthnóna ach ó casadh tusa liom adeir sé le Fionn rachaidh mé isteach i do shiotheach anois i néindigh leat agus sgaoilfidh mé mo shiotheach féin le gaoitha agus bíodh aon ainm eile air roimhe sin nó ná bíodh dubhairt sé gurb é an t-ainm a thiubhradh sé air féin feasta Grabaire Beag Fionn Mac Cumhaill.

Anois adeir an Grabaire tiocfamuid ag mo thigh-sa tráthnóna agus béidh mise isteach ar dtús agus tusa isteach i mo diaidh béidh mo bhean ina suidhe síos ar chathaoir agus í ag réiteach a cinn agus beidh a cuid gruaige anuas ar a súile. Ar a bpointe is thiocfas tusa isteach eireochaidh mise agus béarfaidh mé ar gualainn ort agus caithfidh mé amach thar dorus thú.

Tiocfaidh tú isteach aríst agus déanfaidh mé an cleas céadna leat. An triomhadh huair a chaithfeas mé amach thú árdóchaidh an bhean suas a ceann agus fiafrochaidh sí díom cé hé an fear atá mé a chaitheamh amach mar sin agus déarfaidh mise gurb é Fionn Mac Cumhaill as Éirinn.

Más é Fionn Mac Cumhaill as irinn atá ann adeir an bhean ba cheart lóisdín na hoidhche a thabhairt dó. Má tá tusa sásta adeir an Grabaire tá mise lán tsásta. Dóirdaigh sé annsin do Fhionn Mhac Cumhaill teacht isteach agus teannadh leis an teine. Bhí na comhairleacha seo tugtha aige do Fhionn sul dá dtáinigeadar chun an tighe cor ar bith.

Anois adeir sé le Fionn nuair a bhéas suipéar leagtha síos anocht ná beir ar sgian ná ar forc ag dhul ag ithe aon bhlas nó go bhfágá tu impidhe ón mbean . Dearfaidh an bhean leat go dtiubhraidh sí chuile impidhe sa domhan duit a bhfuil tú dá iarraidh ach gan mise a lighint go dtí Rioghacht na Beanbhogaighe.

Dearfaidh tusa léithe nach bhfuil aon aon mhaith dhi a cainnt go dtugadh sí chuile impidhe dhuit a bhfuil tú a iarraidh. Tiubhraidh impinn ar mé a leigin ann níos tuisge ná ghubhs tú cun do shuipéar ithe mar pé bí fonn atá ort-sa a dhul ann tá a sheacht n-oiread orm-sa a dhul ann go bhféadfainn mo shásamh a bhaint de.

Nuair a tháinig an oidhche agus bhí an suipéar agus shuigheadar isteach ag dul ag ithe duipéar ní bhéarfadh Fionn ar sgian ná ar spunóg ná ar forc ná ní íosfadh sé aon bhlas. Cé'n chiall adeir an bhean nach bhfuil tú ag ithe? Níl mé ag dhul ag ithe aon bhlas go bhfágá mé mo impide uait.

Geobhaidh tú chuile impighe uaim ach gan mo muirín nó mo stóirín a leigeann go dtí Rioghacht na Beanbhogaighe. Thug sí an impidhe do Fhionn agus d'ith sé a shuipéar agus níos tuisge is bhí an ghrian ina suidhe lar na bháireach ná bhí Fionn agus an Grabaire Beag ina suidhe ar maidin go dteideadh said chomh fada leis an Rí mór seo.

Cuirim-se faoi gheasa thú ar bean an Ghrabaire le Fionn Mhac Cumhaill má bhíonn an Grabaire marbh ag tigheacht bratach dubh a bheith crochta agat ar an soitheach agus má bhíonn sé beo bratacha gerala a bheith orthab. Déanfaidh mé sin adeir Fionn. Sheol leob ins a soitheach agus bhíodar ag seoladh no go dtaingeadar ins an áit a raibh an fharrge reoidhthe rómpa agus ní raibh an soitheach i ndon dul ní bhfuide.

Anois adeir an Grabaire Beag le Fionn tá seacht míle den fharrige seo reoidthe agus mara bhfuil tú indon eirigh de léim dhen tsoitheach agus theacht ar an talamh taobh istigh tá tú le bheith cáillte. Níl aon fhear sa donhan adeir Fionn indon é sin a dhéanamh. Ní dhearna an Grabaire Beag ach teannadh siar i ndeire an tsoithigh agus rása a thabairt agus eirigh de léim gur ghlán sé na seacht míle sin den fharrige a bhí reoidthe le leac oidhre.

Ní tuisge bhí an léim chaithte ag an nGrabaire Beag ná bhí sé ina thalamh mín réidh ag Fionn Mac Cumhaill le siubhal isteach agus nuair a bhí Fionn tagtha isteach san áit a raibh sé chuaidh an bheirt acab go dtí teach an Rí mórseo agus bhí cuaille mór ag an nGrabaire Beag a bhuaileadh sé i gcomhnaidhe nuair a bhíodh sé ag dul ag troid. A dtugadh sé an cuaille Chomhraic air agus bhuail sé an cuaille Comhraic agus chraith sé an domhan uilig leis an torann a bhain sé as.

Déirigh fear chuige amach a dtugaidís an Bolsgaire Boird air agus d'fhiafruigh sé dhe céard a bhí sé iarraidh. Tá mé ag iarraidh seacht gcéad ar m'aghaidh seacht gcéad ar mo chúla seacht gcéad ar gach taobh dhíom sin nó fear mo theangbhála. Cuireadh chuige amach an méid sin fear agus chuaidh sé triobhab mar gabhfadh seabac trí bhulc éanacha.

Rinne sé carnán dá gcloigne cárnán dá gcosa agus carnán mór millteach dá gcuid airma eide. Nuair bhí sin déanta aige bhuail sé an cuaille Comhraic arís agus deirigh an Bolsgaire Boird aige amach agus dfiafruigh sé céard a bhí sé iarraidh. Tá mé ag iarraidh seacht gcéad in agha gach céad a ndeachaidh ceanna chugam sin nó troid aon fir amháin. Chuaidh an Bolsgaire Boird isteach agus dinnsigh sé don Rí mór é an chaint a bhí ráidthe aige.

Níl aon groithe dúinn ag banadh an rioghachta leis adeir an Rí, tá sé chomh maith agam féin a gul chuige agus é a throid. Deirigh an Rí mór seo chuige amach agus rugadar féin ar a chéile lámh i níochtair is lámh i uachtair agus lámh uaisle na coraidheachta biodar a deanamh bogáin de na cruadáin agus cruadháin de na bogáin bhíodar ag tarraingt toibreacha fíoruisge aníos trí lár na gclocha glasa leis an treabhadh a bhíodar a dhéanamh. Níl aon fhear ó thoir an domhain go dtí thiar an domhain a tiocfadh a breathnú ar chath nó ar cruachmharc nach ortab a thiocfadh ag breathnú. Bhíodar ina mbeirt ghaisideach chomh maith sin ag breathnú. Ní raibh fios fear cé acab fear ab fhearr ná ba dona nó go ndearna an Rí mór seo tarbh adharcach dhe féin is gur chuir sé adharc i níochtair breiste an Ghrabaire Bhig is gur stróic sé aníos go dtí na eascail leis an iarraidh a thug sé dó.

Ní tuisge a bhí sin déanta ná rinne an Grabaire Beag tarbh eile de féin agus bhí an dá tharbh ag troid agus ag buartuach agus níl aon spreab dá raibh said ag baint as an talamh le na gcosa nach raibh said a chuir as cionn chaon taobh de'n domhan le a raibh chothach troda orthab agus ní bheadh fhios ag súil dá ghrinne cé acab tarbh ab fhearnó go ndearna an Rí mór seo iolrach dhe féin agus go dtáinig sé anuas as a spéir ar an tarbh eile is gur bhain sé an tsúil as le iarraidh dá ghob. Ní thúsge a bhí sin déanta ná rinne an Grabaire Beag iolrach dhe féin agus bhíodar ag troid ar an talamh nó go raibh said tuirseach.

Déirigh said den talamh agus chuaidh said san aér agus bhíodar ag troid is an aér agus ag teanuadh suas i gcomhnuidhe nó go raibh said as amharc na ndaoine a bhí ar an talamh agus uaidh sin amach ní raibh aon bhlas le feiceáil ach clumhach ag tuitim anuas as an spéir chomh tiugh is dá mbeadh sneachta ag tuitim dá mbeadh sé ag cur shneachtha gur

chaitheadar seacht noidhche agus seacht lá ag troid insa spéir agus trathnóna an seachtmhadh lá bhí Fionn Mac Cumhaill ag breathnú suas l gcomnuaidhe ag féachaint an bhfeicfeadh sé rud ar bith ag teacht anuas agus is gear gur aithin sé an Grabaire Beag ag tigheacht anuas agus ceann an Rí mór faoi n-a eascail aige.

Nuair a bhí sé ag tigheacht chun na talmhan bhí Fionn a rith chomh fada leis go mbeireadh sé air faitchios go marbhóchaidhe faoi'n talamh aige leis an tuitim a bhí aige agus áthas mór air nuair a chinaic sé cloigeann an Rí mhóir seo ag tigheacht aige.

Fan uaim amach adeir an Grabaire Beag le Fionn agus ná leag láimh orm. Tá an anáil le bheith imtighe asam nuair a leagas tusa do lámh orm. Tar éis go mb'éarr an fear mé ná an Rí mór ar chuile bhealach. Tá mé curtha chun báis aige ina dhiadh sin le plúcdeataigh nimhe a chuir sí anias as a bholg. Nuair a bhain mé an ceann dhe agus a chuir sé sias i mo bolg agus chuir sé sin de'n tsaoghal mé.

Nuair a leagas tusa do lámh orm adeir sé le Fionn imthicoaidh an anáil asam agus gheobhfaidh mé bás. Sin a bhfuil de treáil agam. Tiubharaidh tú leat anois mé agus leagfaidh tú isteach insa soitheach mé agus tá mé ag dul a tabhairt teagasg eile duit anois. Tá tú faoi gheasa ag mo bhean bratacha dubh a bheith agat ar an soitheach ag teacht duit má bhím marbh agus bratacha geala má bhím beo.

Ach tá mé a rádh leat na bratacha geala a bheith árdughthe agat nó go dteagatú gar don talamh a bhfuil mo theach-sa agus go mbeidh an t-eancaire leigthe amach agat agus an slabhraa gus nuair a bheassin deanta agat bainfidh tú anuas na bratacha geala agus árdóchaidh tú na bratacha dubha mar sé an sort mná mo bhean-sa tá draoidheacht aice aice agus má bhíonn na bratacha dubha agat nuair athiocfas tú i na hamharc árdóchaidh sí stoirm agus ní fhios cé'n áit a riceáilfar do shoiteach ar fud an domhain.

Chroch sé leis ansin an Grabaire agus shocruigh sé isteach ins an soitheach é agus sheoil leis go bhfágadh sé sa mbaile ag an mbean é agus nuair a bhí sé tagtha gar don talamh agua a chuid seolta bainte anuas aige ceangailte agus an t-eancaire leigthe amach aige bhain bhain sé anuas na bratacha geala agus d'árduigh sé na bratacha dubha. Bhí bean ghrabaire ag áirdeal air ag tigheacht agus agus aúil aice go mbeadh a fear ag tigheacht beo an Grabaire Beag, ach nuair chonaic sí na bratacha dubha árdughthe aige beannacht duit-se a dubhairt sí agus mallacht do bhéal do mhúinte.

Bhí fhios agam go maith gurb marbh a bheadh an Grabaire ag tigheacht ar ais "ní dhearna Fionn ach an Grabaire a chrochadh leis ar a dhroim nó gur fhága sé istigh sa teach aice é agus nuair a bhí sin déanta aige bhí sé réidtheach le bheith ag tigheacht abhaile go hÉirinn le cloigeann an Rí mhóir.

Tá sé chomh maith dhuit adeir bean an Ghrabaire le Fionnuirnéis fhághail agus teach a dhéanamh dom isteach i gcrann mór i riocht is go mbeidh áit agam féin agus ag an ngrabaire adeir sí. Ní chuirfidh mé go deo é ach béidh mé ag cuimilt olaidheacha dhe a choinneochas úr é go mbeidh mé ag breathnú air fada is go mbeidh mé beo.

Fuair Fionn uirnéis agus is gear go raibh poll déanta isteach i gcrann iriocht is go raibh áit acab fada fairsing ann agus nuair a bhí an teach déanta af Fionn shocruigh sé ann isteach iad

Í féin agus an Grabaire agus teachín deas acab i lár an chrainn agus tháinig Fionn annsin abhaile go hÉirinn ag dtí an áit seo a raibh an chailleach ar stuaic an teampaill agus bhí an chailleach beo ar an teampall nuair a tháinig sé chuite leis an gcloigeann.

Bhfaca tú aon cloigeann ariamh ba breachtha ná bhí air adeir an tseanbhean le Fionn. Tá sé ina chloigeann breagh adeir Fionn ach tá cúilfhiacra grána ann agus tá said ag cur míshlacht mór air. Ní raibh aon fhiacra granna ann nuair a bhí eolas agam-sa air. Chrom an tseanbhean anuas go bhfeicfead sí a raibh aon fhiacra granna ann agus nuair a bhreathnuigh an tseanbhean siar ina bhéal bhuail Fionn iarraidh se'n chloigeann uirthi agus díonnsuigh sí féin agus an cloigeann a chéilenó gur mharbhuigh an cloigeann an tseanbhean. Ba í an tseanbhean máthair an Rí mór agus sé an chaoi a raibh sí nuair a chuir sí Fionn faoi gheasa bhí sí ag iarraidh Fionn a chur chun báis nó go marbhfuighthead na Rí mór é.

Chuidh Fionn abhaile go dtí an áitín féin nuair a bhí an tseanbhean marbh aige agus na gcosa cuitha dhe aige an teachín seo a bhí déanta sa gcrann don Ghrabaire is don bhean nuair a bhíodh aimsir bhreagh Samhraidh ann bhíodh sé líonta le éanacha as na coillte is gan faithíos ar bith orthab agus sé an obair is mó a bhíodh ar an mbean dá gcoinneál ruaigthe amach as an teach le n-a mbíodh acab ann, Bhí sí lá annsin dá ndíbirt amach agus bhuail sí de shlat ceann acab agus mharbuigh sí é agus séard a bhí ann éan óg agus tháinig an sean éan isteach agus beatha aige le tabhairt dó agus fuair sí an téinín marbh roimhe agus ní dearna sé ach an beatha a chaitheamh uaidh agus a dhul amach agus tháinig sí isteach agus vaoibhín glas ina béal aice agus chuir sí an craoibhín ghlas i mbéal an éin óg agus tháinig an t-éan óg suas chomh slán chomh folláin is a bhí sé ariamh.

Nuair a chonnaic bean an Ghrabaire an rud a bhí déanta ag an éan rug sí féin ar an gcraoibhín glas agus chuir sí féin i mbéal an Ghrabaire í agus nuair a chuidéirigh an Grabaire suas chomh slán chomh folláin is a bhí sé ariamh. Sin é an áit a raibh an t-áthas air féin agus ar an tsean bhean mar a bhí sé éirighthe suas arís ina gaisgidheach chomh maith is bhí sé aon lá ariamh.

Anois adeir an Grabaire tar éis a ndearna mé do Fhionn Mac Cumhailní raibh sé i ngábhadh ariamh chomh mór is atá sé anois. Tá sionnach ins an taobh ó thuaidh d'Éirinn agus sé an t-ainm a thugann said air Sionnach na Saghaid. Tá Fionn Mac Cumhaill curtha faoi gheasa arís nach bhféadfa sé pósadh go brách nó go bpósfaidh sé trí lá agus trí oidhche o gcráiceann an tsionnaigh sin.

Ní éirigheann sé sin as an mbrocach ach uair sa seachtnuadh bliain agus mbárach tá sé le éirigh agus fiadhach le bheith air ag a bhfuil i nÉirinn uiliug a rith air agus nuair a eireochas sé as an mbrocach gabhfaidh sé thart timcheall na hÉireann uiliug go ngabhfaidh sé sa mbrocach arís agus gach a bhfuil i nÉirinn a rith ina dhiadh. Níl aon fhear i nÉirinn na ar fud an domhain uilig i ndan breith ar an sionnach sin nó go mbeiridh mise air agus mara dtéighidh mé go hÉirinn i mbáireach le breith air. Tá moill seacht mbliana eile ar Fhionn Mac Cumhaill sul a bhfeadfuidh sé pósadh.

Má tá tusa cheapadh a dul go hÉirinn i mbárach gabhfaidh mise i neinfeacht leat agus níl aon áit go brathach arís a ngabhfaidh tú ann nach ngabhfaidh mise i neinfeacht leat ann adeir bean an Ghrabaire. Ní miste liom thú thigheacht go hÉirinn.

Réidhuigh said amach an lá seo agus tháinig said go hÉirinn agus nuair a shiubhail sé suas ar an talamh ní raibh aon bhlas le feiceáil aige ach fear ag gabhail de nhaide ar shean chapall bán agus é ag iarraidh a bheith ag baint siubhail aiste agus an Sionnach gaibhte thart agus an chonfairt agus na coisighthe ar fad i ndiaidh an tsionnaigh. Ní dhearna an Grabaire Beag ach tosuigh ag rith chomh tréan i nÉirinn agus bféidir leis agus is gear an tachtar nó go dtáinig sé suas leis na Fionnaibh Éireann agus leis na coisighthe a bhfearr a bhí ann ach ins an ám a bhfaca Fionn Mac Cumhaill a dhul thairis amach céad slán leis an bhfear a bhí in éinfeacht liom seal den tsaoghal adeir Fionn ní fhaca mé aon fhear ariamh a gcuirfinn i gcosúlacht leis ach an fear amach.

Is gear an t-achtar nó go raibh an Grabaire Beag tadtha suas na caiple a bhfearr a bhí ann agus leis na cúanna agus nuair a bhí an sionnach ag dul isteach i mbéal na brocaighe fuair sé greim driobaill air agus chas sé é agus bhuail sé a cheann faoi'n leic agus mharbuigh sé. Nuair a bhí sin déanta aige d'fheann sé an craiceann dhe agud chuir said Fionn Mac Cumhaill trí oidhche agus trí lá chodladh i gcraiceann an tsionnaigh agus nuair a bhí sin déanta chuaidh Fionn Mac Cumhaill ag iarraidh mná agus phós sé.

Chaitheadar seacht nóidhche agus seacht lá ag caitheamh bainse agus ní raibh fhios cé ab fhearr an chéad oidhche ná an oidhche dheireanach d'fhág an Grabaire Beag slán is beannacht af Fionn Mac Cumhaill agus chuaidh sé féin agus a shean bhean abhaile ar ais arís.

Tomás Mac Con Iomaire

Coillín, Cárna

2.12.1930.